
# Ceacht a Cúig — Cad atá agat?
# Lesson Five — What do you have?





**1.** Cad atá agat? — What do you have?
Tá cat agam. — I have a cat.
Níl madra agam. — I don’t have a dog.
An bhfuil cat agat? — Do you have a cat?
Nach bhfuil madra agat? — Don’t you have a dog?

Tá. — Yes (after question with *an bhfuil*).
Níl. — No (after question with *an bhfuil*).

Cén saghas peata atá agat? — What kind of pet do you have?


cat


madra


iasc


nathair


francach


sicín


lacha

**2.** Cad atá ag Seán? — What does John have?
Tá cat aige. — He has a cat.

An bhfuil madra ag Máire? — Does Mary have a dog?
Níl. Níl ach cat aici. — No. She only has a cat.
Níl. Níl peata ar bith aici. — No. She doesn’t have any pet.

An bhfuil peataí agaibh? — Do y’all have pets?
Tá. Tá cait agus madraí againn. — Yes. We have cats and dogs.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tá <u>*peata*</u> agam. | I have <u>*a pet*</u>. | Tá <u>*peata*</u> againn. | We have <u>*a pet*</u>. |
| Tá <u>*peata*</u> agat. | You have <u>*a pet*</u>. | Tá <u>*peata*</u> agaibh. | Ye have <u>*a pet*</u>. |
| Tá <u>*peata*</u> aige. | He has <u>*a pet*</u>. | Tá <u>*peata*</u> acu. | They have <u>*a pet*</u>. |
| Tá <u>*peata*</u> aici. | She has <u>*a pet*</u>. | Tá <u>*peata*</u> ag Seán. | Sean has <u>*a pet*</u>. |

**3.** An bhfuil peata ag aon duine? — Does anyone have a pet?
Tá. Tá ceann agamsa. — Yes. I have one.

Cé aige a bhfuil peata? — Who has a pet?
Tá ceann ag Seán. — John has one.

**4.**


peann


peann luaidhe


ríomhaire


foclóir


caife


rothar


clog

**<u>Comhrá 1</u>**
A: Cad atá agat?
B: Tá peata agam.
A: An bhfuil cat agat?
B: Níl. Níl cat agam.
A: Cén saghas peata atá agat?
B: Tá madra agam.

**<u>Conversation 1</u>**
What do you have?
I have a pet.
Do you have a cat?
No, I don't have a cat.
What kind of pet do you have?
I have a dog.

**<u>Comhrá 2</u>**
A: An bhfuil cat ag Máire?
B: Níl. Ach, tá madra aici.
A: An bhfuil madra ag Seán freisin?
B: Tá. Tá madra aige.

**<u>Conversation 2</u>**
Does Mary have a cat?
No, but she has a dog.
Does John have a dog, too?
Yes, he has a dog.

**<u>Comhrá 3</u>**
A: An bhfuil peann agaibh?
B: Níl peann agamsa, ach tá ceann ag *<u>Seán</u>*.
A: An bhfuil peann agatsa, a *<u>Sheáin</u>*?
C: Níl. Níl sé agam anois.
B: Nach bhfuil peann luaidhe agat?
C: Tá. Tá sé agam anois. Seo duit.
A: Go raibh maith agat.

**<u>Conversation 3</u>**
Do y'all have a pen?
I don't have a pen, but *<u>John</u>* has one.
Do you have a pen, *<u>John</u>*?
No. I don't have it now.
Don't you have a pencil.
Yes. I have it now. Here you are.
Thank you.

**<u>Comhrá 4</u>**
S: Dia duit, a *<u>Mháire</u>*.
M: Dia 's Muire duit, a *<u>Sheáin</u>*.
S: Conas atá tú?
M: Tá mé go maith, ach tá tart orm.
S: An bhfuil sé te amuigh?
M: Tá, agus níl aon uisce agam.
S: Ar mhaith leat cupán líomanáide?
M: Ba mhaith, le do thoil.
S: … Seo duit.
M: Go raibh maith agat.
S: Tá fáilte romhat.
M: ... An bhfuil naipcín agat?
S: Tá. Seo duit.
M: Go raibh míle maith agat.
S: … Slán leat, a Mháire.
M: Slán agat.

**<u>Conversation 4</u>**
Hi, *<u>Mary</u>*.
Hi *<u>Sean</u>*.
How are you?
I'm fine, but I'm thirsty.
Is it hot outside?
Yes, and I don't have any water.
Would you like a cup of lemonade?
I would, please.
… Here you are.
Thank you.
You're welcome.
... Do you have a napkin?
Yes. Here you are.
Thanks a lot.
Bye, Mary.
Goodbye.